# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1166 ÓN gCOIMISIÚN

**an 6 Iúil 2022**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1480/2004 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le hearraí a thagann ó na limistéir nach bhfuil faoi rialú éifeachtach Rialtas na Cipire sna limistéir ina bhfeidhmíonn an Rialtas rialú éifeachtach**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le córas faoi Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 10 den Ionstraim Aontachais ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(12) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um Rialáil Líne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1480/2004 ón gCoimisiún ([2]) do rialacha sonracha maidir le hearraí a thagann ó na limistéir nach bhfuil faoi rialú éifeachtach Rialtas na Cipire sna limistéir ina bhfeidhmíonn an Rialtas rialú éifeachtach, lena n-áirítear maidir le cigireachtaí fíteashláintíochta ar phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile a liostaítear in Iarscríbhinn V, Cuid B, a ghabhann le Treoir 2000/29/CE ón gComhairle ([3]). Chun na críche sin, tá tagairtí in Airteagal 3 den Rialachán sin don Treoir sin.

(2) Rinneadh Treoir 2000/29/CE a aisghairm le Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), lena bhforáiltear do rialacha an Aontais maidir le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí. Tugann an Rialachán sin cumhacht don Choimisiún liosta a bhunú de na plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a bhfuil deimhniú fíteashláintíochta riachtanach ina leith chun iad a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais.

(3) Liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([5]) plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a bhfuil deimhniú fíteashláintíochta riachtanach ina leith chun iad a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, agus áirítear na plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a bhí liostaithe roimhe sin i gCuid B d'Iarscríbhinn V de Threoir 2000/29/CE.

---

([1]) IO L 161, 30.4.2004, lch. 128.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1480/2004 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le hearraí a thagann ó na limistéir nach bhfuil faoi rialú éifeachtach Rialtas na Cipire sna limistéir ina bhfeidhmíonn an Rialtas rialú éifeachtach (IO L 272, 20.8.2004, lch. 3).

([3]) Treoir 2000/29/CE ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le bearta cosanta i gcoinne orgánach a bheadh díobhálach do phlandaí nó do tháirgí plandaí a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus i gcoinne a leata sa Chomhphobal (IO L 169, 10.7.2000, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 69/464/CEE ón gComhairle, Treoir 74/647/CEE ón gComhairle, Treoir 93/85/CEE ón gComhairle, Treoir 98/57/CE ón gComhairle, Treoir 2000/29/CE ón gComhairle, Treoir 2006/91/CE ón gComhairle agus Treoir 2007/33/CE ón gComhairle (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

(4) Dá bhrí sin, is iomchuí Rialachán (CE) Uimh. 1480/2004 a leasú chun tagairtí do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a chur in ionad na dtagairtí do Threoir 2000/29/CE.

(5) Is gá freisin na tagairtí go léir do na forálacha a bhaineann leis na pasanna plandaí a thabhairt cothrom le dáta.

(6) Ós rud é, de réir Airteagal 4(4) de Rialachán (CE) Uimh. 866/2004, go bhfuil na hearraí a thrasnaíonn an líne faoi réir na gceanglas agus go ndéantar na seiceálacha orthu de réir mar a cheanglaítear le reachtaíocht fíteashláintíochta an Aontais mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn II den Rialachán sin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag na cigireachtaí a áirithiú go bhfuil na hearraí faoi seach saor ó lotnaidí coraintín de chuid an Aontais atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2072, go gcomhlíonann siad na tairseacha maidir le láithreacht lotnaidí neamhchoraintín de chuid an Aontais atá liostaithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin, agus go gcomhlíonann siad na ceanglais maidir le tabhairt isteach san Aontas atá leagtha amach i Rialachán VII.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1480/2004 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1480/2004 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

'*Airteagal 3*

**Cigireacht agus tuairisciú fíteashláintíochta**

1. Saineolaithe fíteashláintíochta neamhspleácha arna gceapadh ag an gCoimisiún, arna n-imscaradh faoin Ionstraim um Malartú Faisnéise agus Cúnamh Teicniúil (TAIEX), agus atá ag feidhmiú i gcomhar le Comhlachas Tionscail Turcach Cipireach chun Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ('na saineolaithe') a chur chun feidhme, déanfaidh siad cigireacht ar na plandaí, ar na táirgí plandaí agus ar na réada eile go léir atá liostaithe i gCuid A agus i gCuid B d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún (*) ag céimeanna an táirgthe, na buainte agus na margaíochta, chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go bhfuil siad saor ó lotnaidí coraintín de chuid an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2072,

(b) go gcomhlíonann siad na tairseacha maidir le láithreacht lotnaidí neamhchoraintín rialaithe de chuid an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2072,

(c) go gcomhlíonann siad na ceanglais maidir le tabhairt isteach san Aontas a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin, agus

(d) go gcomhlíonann siad na bearta chun cosc a chur le láithreacht lotnaidí neamhchoraintín ar phlandaí sonracha atá le cur a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2072.

Nuair is ábhartha, déanfaidh siad cigireacht freisin ar gach planda, táirge plandaí agus réad eile atá liostaithe in Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, chun a áirithiú go bhfuil siad saor ó na lotnaidí a bhaineann le criosanna cosanta coraintín faoi seach atá liostaithe in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.

2. I gcás prátaí, fíoróidh na saineolaithe thuas gur fásadh na prátaí sa choinsíneacht go díreach ó phrátaí síl a deimhníodh i gceann de na Ballstáit nó ó phrátaí síl a deimhníodh in aon tír eile nach bhfuil toirmeasc ar phrátaí atá le cur a theacht isteach san Aontas de bhun Iarscríbhinn VI de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.

3. Má shuíonn na saineolaithe, chomh fada agus is eol dóibh agus a mhéid is féidir iad a chinneadh, go gcomhlíonann na plandaí, táirgí plandaí nó réada eile ábhartha sa choinsíneacht ceanglais mhír 1 agus 2 agus na ceanglais agus seiceálacha ábhartha mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II de Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 iad, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

(a) tuarascáil a bhunú ar a dtorthaí, é líonta isteach ina hiomláine agus sínithe go cuí ag duine amháin ar a laghad de na saineolaithe, agus úsáid á baint as an bhfoirm dá bhforáiltear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, agus

(b) an tuarascáil sin a chur isteach, mar fhorlíonadh, leis an doiciméad tionlacain dá dtagraítear in Airteagal 2 den Rialachán seo.

Ní eiseoidh na saineolaithe 'Tuairiscí ar chigireacht fhíteashláintíochta' i ndáil le plandaí atá le cur, lena n-áirítear tiúbair *Solanum tuberosum* L atá le cur.

4. Dá bhrí sin, séalóidh na saineolaithe na leoraithe nó modhanna eile iompair ar shlí a choiscfear an choinsíneacht sin a oscailt go dtí go dtrasnóidh sí an líne.

Ní fhéadfar tráchtearraí a chumhdaítear leis an Airteagal seo a bhogadh trasna na líne ach amháin má chomhlíontar pointí (a) agus (b) de mhír 3

5. Ar theacht dóibh do na limistéir ina bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú éifeachtach, scrúdóidh na húdaráis inniúla an choinsíneacht. Nuair is infheidhme, cuirfear pas plandaí dá bhforáiltear in Airteagal 79(1) nó in Airteagal 80(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**) in ionad an 'Tuarascáil ar chigireacht fíteashláintíochta'.

(*) OJ L 319, 10.12.2019, p. 1

(**) Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4).'

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fleasc, an chúigiú fleasc agus an tséú fleasc faoi phointe 10 den mhúnla dá bhforáiltear in Iarscríbhinn III:

"— meastar go bhfuil siad saor ó lotnaidí coraintín de chuid an Aontais atá liostaithe in Iarscríbhinn II agus, nuair is iomchuí, ó lotnaidí coraintín na gcriosanna cosanta atá liostaithe in Iarscríbhinn III, agus go gcomhlíonann siad na tairseacha maidir le láithreacht lotnaidí neamhchoraintín de chuid an Aontais atá liostaithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2072.

— I gcás prátaí, gur fásadh na prátaí sa choinsíneacht go díreach ó phrátaí síl a deimhníodh i gceann de na Ballstáit nó ó phrátaí síl a deimhníodh in aon tír eile nach bhfuil toirmeasc ar phrátaí atá le cur a theacht isteach san Aontas de bhun Iarscríbhinn VI de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072."

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Iúil 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN